Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2024**
**(OR. en, sk, it)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0049(COD)**

**12018/24**
**ADD 1**

**CODEC 1648**
**MI 678**
**ENT 129**
**COMPET 769**
**CHIMIE 54**
**AGRILEG 341**
**IND 354**
**ENV 768**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 a mhéid a bhaineann le lipéadú digiteach tháirgí leasacháin AE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ó Phoblacht na hIodáile**

Is éard atá sa Rialachán a mhéid a bhaineann le lipéadú digiteach táirgí leasacháin uirlis lena gcuirtear digiteáil na hearnála talmhaíochta ina hiomláine chun cinn agus lena gcuirfear ar chumas na n-oibreoirí uile san earnáil faisnéis a chur in iúl agus a bhainistiú ar bhealach sofhreagrúil éifeachtúil. Mar atá cúrsaí faoi láthair, is cosúil nach dtacaíonn an togra ach go páirteach le forbairt an phróisis teicneolaíochta – próiseas atá á chur chun cinn go forleathan ag earnáil na talmhaíochta ina hiomláine – trí chead a thabhairt faisnéis áirithe a tharchur laistigh den roinn dhigiteach amháin. Tá úsáid na hionstraime sin á plé faoi láthair freisin maidir le modhanna teicniúla eile don talmhaíocht, táirgí cosanta plandaí mar shampla, atá ríthábhachtach freisin chun táirgeadh leordhóthanach talmhaíochta a áirithiú.

Dá bhrí sin, ós rud é go bhféadfaí, trí raon feidhme an lipéadaithe dhigitigh a leathnú chuig an bhfaisnéis uile seachas ceanglais sábháilteachta do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe agus do shláinte an chomhshaoil, lipéid agus pacáistíocht a bhainistiú ar bhealach níos fearr d'fhonn inbhuanaitheacht níos fearr a bhaint amach, tá súil againn go bhféadfadh an togra a bheith faoi réir nuashonruithe tapa chun tacú leis an aistriú digiteach agus chun an fhaisnéis theicniúil iomlán agus chuimsitheach atá ag éirí níos déine a chur ar fáil d'fheirmeoirí.

**Ráiteas ó Phoblacht na Slóvaice**

Tá an tSlóvaic den tuairim go dtugtar deis leis an lipéadú digiteach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leasacháin feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear faisnéis lipéadaithe in iúl. Dul chun cinn teicneolaíoch a bheadh i gceist le beart den sórt sin chomh maith le cuidiú le costais a laghdú do tháirgeoirí leasacháin agus don slabhra soláthair ina iomláine. Is oth linn, dá bhrí sin, nach raibh togra níos uaillmhianaí mar thoradh ar an gcomhaontú deiridh ar tháinig na comhreachtóirí air, togra as a dtiocfadh laghduithe costais níos suntasaí d'oibreoirí eacnamaíocha, cuíchóiriú an lipéadaithe agus níos lú dramhaíola ó phacáistíocht, agus ar deireadh úsáid níos fearr a bhaint as lipéadú digiteach ag oibreoirí. Bheadh tionchar níos mó aige sin ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol araon.

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach**

Cuireann an Coimisiún in iúl gur cúis imní dó foclaíocht na habairte deiridh d'aithris 12 ('*Meabhraítear go bhfuil sé fíor-riachtanach freisin go bhfuil an fhaisnéis is gá dá dtagraítear i Rialachán 2023/988 ag an úsáideoir deiridh chun go mbeidh sé in ann an duine atá freagrach as táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leis.*').

Airteagal 16 de Rialachán 2023/988 [maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí], lena leagtar síos an oibleagáid 'duine freagrach' a bhunú le haghaidh táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais, measann an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag an Airteagal sin maidir le táirgí atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/1009.